# aithe: ní raibh
# g Biden éirí as

r le Gaeil
n dara suí sa
eireadh



nn an Páirtí Daonlathach linn. Tá
rmhór na Meiriceánach ag iar-
idh sos cogaidh i nGaza.
"Ní mór don Pháirtí Daonlathach
olasaí difriúil leis na Poblachtaigh
ghlacadh."
Tá cúis Ghaza tábhachtach do
heathrún Sardina fosta. Is as
an Diego do Sardina agus tá sé
g déanamh PhD i gColáiste na
ríonóide.
"Is fearrde muid agus Biden
irithe as an rása – ba léir nach
ibh seans ar bith aige in aghaidh
n Trumpaigh.
"Agus an rud is tábhachtaí ná gan
gean dó cumas a fháil arís. Sin
ite, ní léir dom an mbeidh Har-
s a dhath níos fearr ná Biden ar
aobh fadhbanna móra an lae de
– saoirse don Phalaistín,
cothú comhshaoil
ghlain, srl.



"Táim ag súil go tréan le go mbeidh iarrthóir Daonlathach nua ag teacht chun cinn a bheas níos fearr ná rogha ar bith eile atá os ár gcomhair go dtí seo. Duine ar bith eile dáiríre – duine ar bith nach mbeadh ag iarraidh cinedhíothú a dhéanamh."

Gael-Mheiriceánach é Mícheál Ó Beigléinn, arb as stát Pennsylvania dó.

"Tar éis na díospóireachta roinnt seachtainí ó shin, agus an brú poiblí a bhí ar Biden chun éirí as (óna pháirtí féin), ní raibh seans ar bith fágtha aige.

"Ní bheadh sé ábalta an bua a bhaint amach a thuilleadh. An cheist atá ann, mar sin, ná cé is féidir leis (nó léi, is dócha) Trump a shárú.

"Nílim féin róthógtha leis an Pháirtí Dhaonlathach faoi láthair, agus a sheasamh maidir leis an ár i nGaza.

"Ach sé an rud ná tá orainn ollsmachtachas Trump a sheachaint. Cé chomh dona is atá na Daonlathaigh mheánacha (centrist), tá Trump agus MAGA fiú níos measa, is i bhfad níos measa.

"Mar sin, mar a fheicimse é, tá seans réasúnta maith ag na Daonlathaigh anois, le Kamala Harris de réir dealraimh, an toghchán a bhaint.

"Tabharfaidh sí fuinneamh nua isteach sa chomhrac. Mar bhean dhubh, spreagfaidh sí an bonn taca agus sin an rud atá i gceist anois, vóta an ghnáthdhuine dhaonlathaigh/fhorásaigh a mhealladh chun a taoibh, agus chun a vótaí a chaitheamh ar an lá.

"Tá ar dhaoine anois teacht le chéile, mar a tharla sa Fhrainc, chun bua a ruaigeadh ar ollsmachtachas na heite deise.

"Ní raibh an cumas ag Biden é sin a dhéanamh, faoi mar a bhí rudaí."




**Dúshlán nua :** Leas-Uachtarán Mheiriceá agus iarrthóir nua na nDaonlathach Kamala Harris le foireann cispheile SAM an mhí seo agus iad ag déanamh réidh le dul chuig na Cluichí Oilimpeacha

# a hOidhreachta



ailteora, de bharr dáin a scríobh
hónaill Uí Chonaill 190 bliain

dhéanaimid scrúdú ar ár
eacht dholáimhsithe, beidh
umas ár gceangail a thuiscint
t, caitheamh aimsire, ceangail
igh, reiligiún agus traidisiúin.
nad Cultúrtha an Phiarsaigh,
ara – Teachín an Phiarsaigh,
aidh tú tuiscint ar an gcúis
tóir ag Pádraig Mac Piarais
amara – tírdhreach ar leith
ntair agus an cultúr agus an
Ghaeilge ársa atá fós beo sa lá
a ann.
an gcéanna, i mBaile Átha Cliath, is féidir le cuairteoirí dul go Músaem na bPiarsach – Páirc Naomh Éanna chun an áit a raibh ceannaire Éirí Amach 1916, Pádraig Mac Piarais, agus a dheartháir Willie, ina gcónaí agus ar reáchtáil siad a scoil cheannródaíoch i nGaeilge ó 1910 go 1916."

Sna seachtainí amach romhainn, fógrófar clár iomlán imeachtaí do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta OPW.

Ina measc sin, beidh comhoibriú idir treoraithe Oifig na nOibreacha Poiblí agus NPWS i nGleann Dá Loch; taispeántas de stair shóisialta Gharraithe Náisiúnta na Lus i nGlas Naíon agus iniúchadh ar oilithreacht mheánaoiseach i dTiobraid Árann ag Carraig Phádraig, faoi threoir saineolaithe.

Beidh saorchead isteach chuig gach láthair ina n-íoctar táillí seachas Músaem Phríosún Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath.

Tá liosta iomlán de láithreacha Oidhreachta OPW ar fáil ar heritageireland.ie agus tá Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta ar siúl ón 17 go 25 Lúnasa.

Gabh chuig www.heritageweek.ie do liosta iomlán d'imeachtaí 2024.

An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2022

### ABP-313892-22

**Fógra faoi chinneadh de chuid an Bhoird Phleanála maidir le Scéim Chroí-Lána Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach, iad araon i gContae Bhaile Átha Cliath.**

Rinne an Bord Pleanála ordú, an 21 Meitheamh, 2024, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá dílsithe dó le halt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, chun an bóthar beartaithe mar a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair isteach é, a cheadú faoi réir coinníollacha.

**Seo a leanas achoimre de choinníollacha chinneadh an Bhoird:**

1. Déanfar agus críochnófar an fhorbairt bóthair de réir na bpleananna agus na sonraí a taisceadh leis an iarratas, ach amháin nuair is gá a mhalairt chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
2. (a) Déanfar na bearta maolaithe, na gealltanais chomhshaoil agus na bearta monatóireachta go léir a shainaithnítear sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) a chur chun feidhme go hiomlán mar chuid den fhorbairt atá beartaithe.
   (b) Cuirfear i bhfeidhm go hiomlán gach gealltanas maolaithe agus comhshaoil a shainaithnítear sa Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den fhorbairt atá beartaithe.
3. Ceapfaidh an conraitheoir éiceolaí. I gcás inar cuí, déanfaidh speisialtóirí faireachán. Áireofar sceidil mhonatóireachta sna Ráitis Sainláithreáin um Chosaint Ghnáthóga agus um Modh Athchuir.
4. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Trácht Tógála agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta do Chéim na Tógála isteach le haghaidh na céime tógála den fhorbairt le comhaontú scríofa a fháil ón údarás pleanála.
5. Déanfaidh Speisialtóir Caomhnaithe Ailtireachta monatóireacht agus taifead ar gach obair ar Struchtúir Chosanta, agus ar struchtúir is díol spéise don oidhreacht chultúrtha, cuirfear Ráitis um Modh Athchuir faoi bhráid an údaráis phleanála lena gcoinneáil i gcomhad.
6. Déanfaidh an forbróir monatóireacht ar thorann le linn chéim thógála na forbartha bóthair atá beartaithe.
7. Comhlíonfaidh socruithe draenála ceanglais an údaráis phleanála ábhartha maidir le hoibreacha den sórt sin i gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon na forbartha atá beartaithe.
8. Ullmhóidh an forbróir, i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha, Plean Bainistíochta Timpeallachta Tógála nuashonraithe,
9. Déanfaidh an forbróir monatóireacht ar am scuaine / moilleanna ag gach láthair oibreacha agus taifeadfaidh sé sreafaí tráchta ar an ngréasán bóithre.
10. Sula n-athchuirfear crainn, fálú agus plandú atá le baint, beidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i dteagmháil leis an úinéir talún ábhartha. Fostóidh an NTA crannadóir agus Ailtire Tírdhreacha ar feadh thréimhse na n-oibreacha atá beartaithe.
11. Cuirfear bearta cosanta crann i bhfeidhm roimh thús na forbartha.
12. Cuirfear gach mionsonraí maidir le tírdhreachtú bog faoi bhráid an údaráis phleanála sula gcuirfear i bhfeidhm iad.
13. Cuirfear sonraí faoin gcóras soilsithe poiblí atá beartaithe faoi bhráid an údaráis phleanála agus aontófar iad i scríbhinn leis.
14. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh agus cosaint ábhar nó gnéithe seandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith laistigh den láithreán. Déanfaidh an forbróir:
   (a) seandálaí a fhostú a dhéanfaidh faireachán ar gach imscrúdú láithreáin agus oibreacha tochailte eile, agus,
   (b) socruithe a dhéanamh chun aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás a bhaint a thaifeadadh agus a thabhairt ar shiúl.
15. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta do Speicis Ionracha faoi bhráid an údaráis phleanála.
16. (a) Scrúdófar na crainn atá le leagan sula leagtar agus scriosfar iad le fáil amach an bhfuil faraí ialtóg iontu.
   (b) Ní dhéanfar aon ghlanadh talún agus ní ghlanfar aon fhásra idir 1 Márta agus 31 Lúnasa, mura gcomhaontófar a mhalairt leis an údarás pleanála.

Gheofar téacs iomlán chinneadh an Bhoird, lena n-áirítear coinníollacha, ar láithreán Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/313892. Beidh cóip de chinneadh an Bhoird agus an TMTT ar fáil lena scrúdú ag oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe).

Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Fógraí Dlíthiúla – Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach ar láithreán gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie.

**Dáta an fhoilsithe: Dé Céadaoin, 24 Iúil 2024.**